

I dTreo Straitéis Taighde agus Nuálaíochta Muirí 2021

Ceisteanna Don Chomhairliúchán

A. Ginearálta

- C1. Sainithnítear 15 théama sa straitéis atá bunaithe ar athbhreithniú ar straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta. An dtugann siad sin leo raon iomlán na spreagthóirí taighde go hiomchuí, agus mura dtugann cad atá fágtha ar lár?
- C2. An dtugann na gnéithe a bhaineann le Cumas an Duine, Bonneagar agus Líonraí agus Caidrimh leo go hiomchuí na cineálacha tacaíochtaí a éilítear le córas Taighde agus Nuálaíochta (T&N)?
- C3. An rangú iomchuí ar aibíocht iad na cúig leibhéal? Murab ea, cén sórt athruithe a mholfá agus cén fáth?
- C4. Tugtar breac-chuntas sa doiciméad ar chuir chuige chun aibíocht na gcóras T&N a bhaineann le gach téama a ardú. An leor na hionstraimí a bhfuil cur síos déanta orthu chun é sin a bhaint amach? Cé na hionstraimí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil?
- C5. Tugtar cuntas sa rannán Ráiteas Straitéise ar ról agus freagrachtaí áirithe i ranna agus i ngníomhaireachtaí áirithe. An leor iad sin agus an bhfuil siad cruinn? Mura bhfuil tabhair sonraí le do thoil.

B. Sonrach don Téama

- C6. Tugtar breac-chuntas i ngach rannán téama ar phríomhspreagthóirí beartais agus ar phleananna earnála atá ábhartha do T&N le haghaidh an téama. An bhfuil sé sin críochnúil agus luaigh samplaí mura bhfuil
- C7. Déantar measúnú ar aibíocht gach téama. An léiriú é sin ar stádas an téama? Murab ea, tabhair fianaise, agus tagair do na táscairí a bhfuil cuntas orthu sa tsamhail (féach ar leathanach 8 den dréachtstraitéis).
- C8. Tugtar achoimre de réimsí taighde bunaithe ar cheanglais na bpríomhbheartas agus na bpríomhphleananna earnála. An bhfuil aon cheo fágtha ar lár? Má tá, tabhair breac-chuntas orthu sin agus déan tagairt do dhoiciméid beartais.
- C9. An n-éireoidh leis an bhfócas atá ag an maoiniú a dtugtar cuntas air ceanglais taighde an téama a bhaint amach agus tionchar a imirt, ag tagairt d'aibíocht agus cumas taighde?
- C10. An bhfuil aon tuairimí eile agat?